

Ó Cadhain tar éis *Cré na Cille*

Breandán Ó Doibhlin

(CATHAOIRLEACH: LIAM MAC CON IOMAIRE)

Is mór an phribhléid í an saothar seo *Athnuachan* le Máirtín Ó Cadhain, mórscríbhneoir próis na Gaeilge san aois seo, a chur i láthair phobal léitheoireachta na teanga.¹ Is fada é ceilte orainn mar gur mheas a údar, ar ábhar nó ar ábhar eile, nár chóir é a chur i seilbh chomhluadar na Gaeilge, agus go raibh a oidhtrí ómósach ó shin i leith don chinneadh sin a bhí déanta aige. Deirtear linn go mba mhian leis an scríbhneoir riamh an t-úrscéal a athchóiriú in aice leis an bhfís a bhí aige, ach faraor, ní mar a síltear a bítear, agus d'fhág a bhás anba an obair sin gan déanamh. Tá a fhios againn ón bhforbairt a tháinig ar a ealaín i rith a shaoil go mb'ardaidhmeannach an ceardaí é Máirtín Ó Cadhain agus nach raibh éinne ba ghéire léirmheasa ar a scríbhneoireacht ná an fear féin. Mar sin, fiú murar shásaigh an saothar seo a uaillmhian, ní hionann sin is a rá nach úrscéal é ar cheart a ionad féin a thabhairt dó i stair nua-úrscéal na Gaeilge. Agus táim féin cinnte, nuair a chuireann an pobal léitheoireachta eolas pearsanta ar na hilibhuanna a ghabhann leis an leabhar agus atá ina gcomharthaí sóirt riamh ag ealaín an Chadhnaigh, go músclóidh sé arís ionainn an cion agus an urraim a bhí ag gabháil dó i gcónaí agus go n-aithneofar é mar éacht chumadóireachta a léiríonn as an nua an cumas a bhí ann.

Díol suntais atá in *Athnuachan* mura mbeadh ann ach a shoiléire agus a nochtann sé fuinneamh samhlaíochta a údair. Leabhar a bhfuil amuigh is istigh ar céad agus fiche de mhílte focal ann, is ar éigin is féidir a léamh gan an mórshaothar eile úd, *Cré na Cille*, a bheith i gcúl do chloiginn agat, mar ar an chéad amharc, tá cosúlacht láidir idir an dá shaothar, ar a laghad sa méid gur comhrá ar

fad beagnach atá iontu araon. Cuid de na cleasanna a d'fhoghlaim muid i leathanaigh *Cré na Cille*, tá siad úsáideach, riachtanach fiú, anseo chomh maith. Tá an pearsanra le haithint ó chéile, mar shampla, de réir a sainsonraí cainte. Díreach mar ba ghnáth linn Caitriona Pháidín a aithne ar 'Pléascfaidh mé, pléascfaidh mé' nó an créatúr a chuir a rúitín amach, is amhlaidh anseo atá glór Mhicil Choilm le brath ar 'Sin é an chaoi anois é,' nó é bheith ag tagairt dá bhean chéile le 'an eilit úd'; bean Phádraig Bheartla ag rá 'adúirt sé' nó 'adéarfás sé' dhá uair i gcónaí; Beartla Mór é féin agus 'Oru, smál smál eicint!' Nó an chaoi a gcuireann siad forrán ar dhaoine eile: Bean Phádraig agus 'a leainín', Beartla Mór agus 'a ghearrbhodaigh'. Úsáideann an t-údar freisin an scil a bhí forbartha cheana aige in *Cré na Cille* chun comhrá a chur i láthair trí chaint aon duine amháin, an dúblóg úd ar bhain sé an oiread sin adhmadais in 'I mBus Cathrach'.

Ach más cosúil *Athnuachan* le *Cré na Cille* ar a chraiceann, ní fada a bheimis ag léamh go bhfeicfimis go bhfuil difríochtaí suntasacha eatarthu chomh maith. Sa chéad dul síos, an suíomh úd sa reilig a chuir an oiread sin giorriacha de chuid na critice liteartha ina suí, níl a leithéid in *Athnuachan* in aon chor. San áit go bhfuil suíomh *Cré na Cille* bainteach le réimsí na fantaisíochta lasmuigh den am is den áit, más fíor, tá *Athnuachan* suite go soiléir i mbaile fearainn i gCois Fharraige. D'fhéadfaimis a rá fiú amháin go mbaineann an eachtraíocht ann le limistéar níos teoranta agus níos deimhne arís. Más é biadán an pharóiste, nó ar a laghad an leathpharóiste, is cothú intinne (más ceadmhach é a rá) do chabairí na Cille, tá laochra *Athnuachan* ina gcónaí in aon bhaile fearainn amháin le chéile, beagnach san aon 'chlachan' amháin mar a thabharfadh lucht geograife air. Eachtra an tsaothair, más féidir eachtra a thabhairt uirthi, maireann sí timpeall dhá bhliain, má thugaimid suntas d'athrú na séasúr. Ar an gcéad leathanach, tá deoraí ag filleadh abhaile am éigin i ndeireadh na 1940í (go gearr tar éis an Dara Cogadh Domhanda), é tar éis scór bliain a chaitheamh ar an choigríoch agus ag tnúth go mór le suaimhneas a bhaile dúchais. Ach ní haon Séimídh Phádraig Dhuibh é seo ag dréim lena Bhábaí Mháirtín. Sa dóigh aisteach sin a n-oibríonn an croí daonna uaireanta, ní leannán ar bith a chonaigh sé sna blianta crua a chaith sé ina phríosúnach cogaidh, ní cuimhne a mháthar ná a athar ba mhinice chuige, ach scata de bhuachaillí na háite agus go háirithe an ruagaire reatha ba cheann feadhna orthu, Beartla Mór. Agus i measc a gcuid eachtraí ar fad, ba é an ceann ba shuntasáí an rógaireacht agus an t-iompar aerach a bhí faoi, d'ainneoin sollúntacht na hócáide, ag sochraid Thomáis Dhiarmada.

Le scéal fada a dhéanamh goirid, nuair a thugann Séamas cuairt sa deireadh ar a sheanchara, gheibheann sé roimhe seanduine cantalach, gróigthe os cionn na tine i dteach a mhic, ag clamhsán faoi gach sórt, bean a mhic, ganntanas an tae tar éis an chogaidh, agus gan fonn air cuimhniú siar ar dhiabhláíocht a óige. Ag an pointe seo, ba dhóigh leat agus a trí nó a ceathair de mhíreanna léite agat gur